Oifig Náisiúnta Imdhíonta
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

HSE National Immunisation Office
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

www.immunisation.ie
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
t 01 8676108
e immunisation@hse.ie

Feabhra 2024

Ar ríomhphost amháin

Uimhir Thagartha: NIO.19.02.24.01

Maidir le: An tábhacht a bhaineann le vacsaín MMR agus a bheith airdeallach ar an mbruitíneach

A Phríomhoide, a chara,

Le roinnt míonna anuas, tháinig ardú ar líon na gcásanna den bhruitíneach i gcodanna den Ríocht Aontaithe agus den Eoraip. Ar an 7ú Feabhra, thuairiscigh FSS bás duine fhásta ar deimhníodh é go raibh an bhruitíneach air/uirthi. Is é sin an chéad chás den bhruitíneach a fógraíodh in Éirinn in 2024 ar deimhníodh í.

Lorgaíonn FSS sa chomhfhreagras seo do thacaíocht chun feasacht a ardú i measc tuismitheoirí, caomhnóirí agus fhoireann na scoile faoi na nithe seo a leanas:

- airdeall ar chomharthaí na bruitíní
- an tábhacht a bhaineann leis an vacsaín MMR maidir le leanaí a chosaint

Tacú le foirne vacsaínithe ar scoil chun vacsaín 4 as 1 agus MMR a thabhairt do naíonáin shóisearacha

Thug foirne vacsaínithe ar scoil FSS cuairt ar fhormhór na mbunscoileanna i mbliana chun vacsaín 4 as 1 agus MMR a thabhairt do na naíonáin shóisearacha.

Mura tugadh cuairt ar do scoil go fóill, oibrigh le d'fhoireann áitiúil vacsaínithe ar scoil FSS chun dáta vacsaínithe a aontú don vacsaíniú. (I Sligeach, Liatroim agus i nDún na nGall, cuireann cleachtais dochtúirí teaghlaigh an vacsaín sin ar fáil, agus ní theastaíonn aon ghníomh ó scoileanna na gcontaetha sin).

Bheimis buíoch díot dá smaoineofá ar thacú le hiarrachtaí chun scaipeadh na bruitíní a chosc ach:

1. Eolas a roinnt ar do ghréasáin scoile faoi chomharthaí na bruitíní le tuismitheoirí (íoslódáil cóip de phóstaeir Airdeall ar an mBruitíneach ón LFCS (Lárionad Faire um Chosaint Sláinte) agus smaoinigh ar iad a thaispeáint i do scoil)

Oifig Náisiúnta Imdhíonta
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

HSE National Immunisation Office
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

www.immunisation.ie
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
t 01 8676108
e immunisation@hse.ie

2. Tuismitheoirí a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar www.immunisation.ie chun eolas a fháil faoin tábhacht a bhaineann le vacsaín MMR.

Tá litir shamplach dréachtaithe againn, iarrtar ort í a roinnt le tuismitheoirí le do thoil.

I gcás inar diagnóisíodh an bhruitíneach a bheith ar dhuine a fhreastalaíonn ar do scoil, beidh an Roinn Sláinte Poiblí áitiúil i dteagmháil chun comhairle a thabhairt don phríomhoide.

Má tá aon imní orthu, déan teagmháil leis an Roinn Sláinte Poiblí i do réigiún https://www.hse.ie/eng/services/list/5/publichealth/publichealthdepts/contact%20us/

Le dea-mhéin,

Dr Lucy Jessop

Consultant in Public Health Medicine –
National Immunisation Lead
National Immunisation Office
MRCN 424447

Dr Abigail Collins

Consultant in Public Health Medicine
National Clinical Lead Child Health
Public Health
MCRN 404629

Oifig Náisiúnta Imdhíonta
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

HSE National Immunisation Office
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

www.immunisation.ie
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
t 01 8676108
e immunisation@hse.ie

Feabhra 2024

Maidir le: An tábhacht a bhaineann le vacsaín MMR agus a bheith airdeallach ar an mbruitíneach

A Thuismitheoir/A Chaomhnóir Dhlíthiúil, a chara,

Le roinnt míonna anuas, tháinig ardú ar líon na gcásanna den bhruitíneach i gcodanna den Ríocht Aontaithe agus den Eoraip. Ar an 7ú Feabhra, thuairiscigh FSS bás duine fhásta ar deimhníodh é go raibh an bhruitíneach air/uirthi. Is é sin an chéad chás den bhruitíneach a fógraíodh in Éirinn in 2024 ar deimhníodh í.

Táimid ag iarraidh ar thuismitheoirí a bheith airdeallach ar an mbruitíneach agus a chinntiú go bhfuil na vacsaíní molta MMR (bruitíneach, leicneach agus rubella) faighte ag do pháistí.

Bí airdeallach ar an mbruitíneach

Is féidir leis an mbruitíneach a bheith míthaitneamhach, agus is galar í a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach agus atá an-tógálach.

I measc chomharthaí na bruitíní tá:

- fiabhras ard
- casacht
- srón ag sileadh
- gríos, a bhíonn le feiceáil de ghnáth ar an gceann agus ar an muineál ar dtús agus a leathnaíonn go dtí an chuid eile den chorp

I measc na ndeacrachtaí tromchúiseacha a bhaineann leis an mbruitíneach, tá niúmóine agus einceifealaíteas (at na hinchinne). D'fhéadfadh go mbeadh ar dhuine as gach cúigear a ionfhabhtaítear dul chuig an ospidéal, agus d'fhéadfadh bás a bheith mar thoradh uirthi.

Tá tuilleadh eolais faoi chomharthaí na bruitíní ar fáil ag: https://www2.hse.ie/conditions/measles/ nó trí 'bruitíneach FSS' a chuardach.

Oifig Náisiúnta Imdhíonta
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

HSE National Immunisation Office
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

www.immunisation.ie
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
t 01 8676108
e immunisation@hse.ie

Má rinne do dhochtúir teaghlaigh nó d'ospidéal diagnóisiú ar do leanbh, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh le do scoil. D'fhéadfadh sé gur ghá do leanaí i rang do linbh dul faoi vacsaíniú mura vacsaíníodh in aghaidh na bruitíní ina hiomláine iad.

Vacsaín MMR

Is é vacsaíniú MMR an chosaint is láidre i gcoinne na bruitíní.

Tá glacadh leis an dá dháileog den vacsaín MMR faoi bhun 90% le tamall. Is cúis mhór imní é sin mar is féidir leis an mbruitíneach a bheith tromchúiseach agus an-tógálach.

Dhá dháileog ag teastáil

Teastaíonn dhá dháileog den vacsaín MMR ó do leanbh le go measfar iad a bheith iomlán vacsaínithe. Tugann cleachtais dochtúirí teaghlaigh an chéad dáileog nuair a bhíonn leanaí 12 mhí d'aois. Is iad foirne vacsaínithe ar scoil FSS a thugann an dara dáileog nuair a bhíonn leanaí sna naíonáin shóisearacha. (I Sligeach, Liatroim agus i nDún na nGall, is cleachtais dochtúirí teaghlaigh a chuireann an vacsaín sin ar fáil).

Naíonáin shóisearacha

Má tá do leanbh sna naíonáin shóisearacha, tapaigh an deis chun é/í a vacsaíniú lena vacsaín 4 as 1 agus MMR. Tá foirne ar scoil FSS fós ag tabhairt cuairt ar scoileanna chun an vacsaín a thairiscint. Má chaill do leanbh an vacsaín nuair a thug na foirne cuairt ar do scoil i mbliana, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le foireann ar scoil FSS chun coinne a shocrú chun an vacsaín a fháil.

Vacsaín MMR do leanaí níos sine agus do dhaoine fásta

Níl sé ródhéanach vacsaín a fháil. Tá an vacsaín MMR ar fáil anois mar vacsaín chúitimh ó chleachtais dochtúirí teaghlaigh d'aon duine ar baol é gur chaill sé/sí a c(h)éad nó a d(h)ara dáileog.

Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh eolais faoin vacsaín MMR ar fáil ó www.immunisation.ie

Oifig Náisiúnta Imdhíonta
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

HSE National Immunisation Office
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

www.immunisation.ie
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
t 01 8676108
e immunisation@hse.ie

Le dea-mhéin,



Dr Lucy Jessop

Consultant in Public Health Medicine –
National Immunisation Lead
National Immunisation Office
MRCN 424447

Dr Abigail Collins

Consultant in Public Health Medicine
National Clinical Lead Child Health
Public Health
MCRN 404629